2026/1416

1.7.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1416 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Meitheamh 2026

lena mbunaítear Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach maidir le Comhghuaillíocht Cibirscileanna (CSC-EDIC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(3), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Eanáir 2026, ina gcáil mar chomhaltaí, chuir an Ghréig, an Ostair, an Chróit, an Chipir agus an tSlóivéin iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481 chun an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach maidir le Comhghuaillíocht Cibirscileanna (CSC-EDIC) a bhunú.

(2) Ina cáil mar Bhallstát óstach, chuir an Ghréig dearbhú ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (d), de Chinneadh (AE) 2022/2481 lena n-aithnítear CSC-EDIC mar chomhlacht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 143(1), pointe (g), agus Airteagal 151(1), pointe (b), de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([2]) agus mar eagraíocht idirnáisiúnta de réir bhrí Airteagal 11(1), pointe (b), de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle ([3]).

(3) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarratas de bhun Airteagal 14(2) de Chinneadh (AE) 2022/2481. Bhí sé de chonclúid aige go bhfuil na gnéithe uile a cheanglaítear le hAirteagal 14(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481 san iarratas. Agus cuspóirí ginearálta an Chláir Beartais don Deacáid Dhigiteach á gcur san áireamh, go háirithe rannchuidiú an EDIC atá beartaithe le héiceachóras cuimsitheach inbhuanaithe de bhonneagair dhigiteacha idir-inoibritheacha a fhorbairt, agus na breithnithe praiticiúla a bhaineann le cur chun feidhme an tionscadail ilnáisiúnta, go háirithe acmhainneacht theicniúil, airgeadais agus riaracháin an EDIC atá beartaithe, bhí sé de chonclúid ag an gCoimisiún go gcomhlíonann an EDIC atá beartaithe na ceanglais shonracha uile a leagtar síos in Airteagail 13 go 21 de Chinneadh (AE) 2022/2481.

(4) I gcomhréir leis na Reachtanna a ghabhann leis an iarratas, beidh sé mar phríomhchúram ag CSC-EDIC tionscadal iltíre a chur chun feidhme i réimse na scileanna agus na hoiliúna sa chibearshlándáil a aithnítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (AE) 2022/2481. Tacóidh EDIC leis na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2023 dar teideal 'An bhearna thallainne chibearshlándála a dhúnadh chun borradh a chur faoi iomaíochas, fás agus athléimneacht an Aontais' (COM(2023) 207 final) (An tAcadamh Scileanna Cibearshlándála), d'fhonn acmhainneachtaí an Aontais ó thaobh oideachas cibearshlándála, oiliúna, agus fhorbairt an lucht saothair de a fheabhsú. De bhun an phríomhchúraim sin, tabharfaidh CSC-EDIC aghaidh ar an mbearna scileanna cibearshlándála atá ag dul i méid agus cuirfidh sé fothú acmhainneachta chun cinn ar fud údaráis phoiblí, na hearnála tionsclaíochta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide sna Ballstáit, agus leis sin neartófar iomaíochas, fás agus athléimneacht an Aontais. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tabharfaidh CSC-EDIC faoi ghníomhaíochtaí réamhghníomhacha freisin chun uas-sciliú agus athsciliú gairmithe i réimse na cibearshlándála a chur chun cinn – chomh maith le huas-sciliú agus athsciliú gairmithe atá ag aistriú chuig an réimse sin, rud a áiritheoidh ailíniú le riachtanais an lucht saothair agus le bearnaí scileanna agus comhréireacht rialála thionscail an Aontais le córais rialacháin náisiúnta. Ina theannta sin, tacóidh sé le hionstraimí dlí Eorpacha ábhartha a chur chun feidhme agus a chomhlíonadh. Tá an obair sin ailínithe le fís Aontas na Scileanna a glacadh an 5 Márta 2025.

([1]) IO L 323, 19.12.2022, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/2481/oj.
([2]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).
([3]) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/262/oj).

(5) Déanfaidh CSC-EDIC, de réir mar is iomchuí, a ghníomhaíochtaí a chomhordú le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), agus úsáid á baint as uirlisí a d'fhorbair ENISA amhail an Creat Eorpach um Scileanna Cibearshlándála (CESC) agus aird chuí á tabhairt ar chúraimí ENISA mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/881 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) chomh maith le ról beartaithe ENISA sa togra ón gCoimisiún le haghaidh an Dara Gníomh um Chibearshlándáil (COM(2026) 11 final). Bainfidh CSC-EDIC tairbhe sa bhreis as deiseanna a eascraíonn as an togra sin. Oibreoidh sé i gcomhar freisin leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála, de bhun Rialachán (AE) 2021/887 ó Phairlimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), go háirithe i ndáil leis an dul chun cinn in acmhainneachtaí tionsclaíocha, teicneolaíochta agus taighde. Bunóidh CSC-EDIC socruithe comhair le ENISA agus leis an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála, chun comhlántacht agus sineirge a áirithiú ar fud na dtionscnamh.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 23(1) de Chinneadh (AE) 2022/2481.

(7) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a chur i bhfeidhm go pras, is é sin tús a chur le feidhmiú CSC-EDIC, rud is gá go práinneach le gur féidir an tAcadamh Scileanna Cibearshlándála a chur chun feidhme go hordúil, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Bunaítear an Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach maidir le Comhghuaillíocht Cibirscileanna (CSC-EDIC).

2. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag CSC-EDIC agus beidh aige i ngach ceann de na Ballstáit an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge a thugtar d'eintitis dhlítheanacha faoi dhlí an Bhallstáit sin. Féadfaidh sé, go háirithe, maoin inchorraithe, réadmhaoin agus maoin intleachtúil a fháil agus a dhiúscairt agus úinéireacht a bheith aige ar an maoin sin agus féadfaidh sé conarthaí a thabhairt i gcrích agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

3. Leagtar amach gnéithe fíor-riachtanacha de reachtanna CSC-EDIC, mar a chomhaontaigh a chomhaltaí iad, san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (AE) 2019/881 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus maidir le deimhniú i ndáil le cibearshlándáil theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 526/2013 (an Gníomh um Chibearshlándáil) (IO L 151, 7.6.2019, lch. 15, http://data.europa.eu/eli/reg/2019/881/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2021/887 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Tionsclaíochta Cibearshlándála, Teicneolaíochta Cibearshlándála agus Taighde Cibearshlándála agus Líonra na Lárionad Náisiúnta Comhordúcháin (IO L 202, 8.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/887/oj).

IARSCRÍBHINN

GNÉITHE FÍOR-RIACHTANACHA DE REACHTANNA CSC-EDIC

1. Ag comhfhreagairt d'Airteagal 17(1), pointe (c), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

Airteagal 2

Ainm, oifig, suíomh agus teanga oibre

[…]

2. Is é 'EDIC maidir le Comhghuaillíocht Cibirscileanna' ainm an EDIC dá dtagraítear i mír (1), dá ngairtear CSC-EDIC anseo feasta.

3. Beidh oifig chláraithe CSC-EDIC in Aithin na Gréige.

2. Ag comhfhreagairt d'Airteagal 17(1), pointe (d), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

Airteagal 28

Fad ama

Bunófar CSC-EDIC ar feadh tréimhse tosaigh 10 mbliana gan dochar d'Airteagal 29. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin le cinneadh ó Thionól na gComhaltaí.

Airteagal 29

Foirceannadh

1. Is é Tionól na gComhaltaí a chinnfidh foirceannadh CSC-EDIC i gcomhréir le hAirteagal 11.

2. Gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 lá féilire tar éis ghlacadh an chinnidh CSC-EDIC a fhoirceannadh, tabharfaidh CSC-EDIC fógra don Choimisiún Eorpach faoin gcinneadh.

3. Sócmhainní a bheidh fágtha tar éis fiacha CSC-EDIC a íoc, cionroinnfear iad i measc na gcomhaltaí i gcoibhneas lena ranníocaíocht bhliantúil charntha le CSC-EDIC, mar a shonraítear in Airteagal 9, nó aistreofar iad chuig eintiteas dlíthiúil eile a mhéid a leanann an t-eintiteas sin le gníomhaíochtaí CSC-EDIC.

4. Gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 10 lá féilire ó dhúnadh an nós imeachta foirceanta, tabharfaidh CSC-EDIC fógra faoi sin don Choimisiún.

5. Tiocfaidh deireadh le CSC-EDIC an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

3. Ag comhfhreagairt d'Airteagal 17(1), pointe (e), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

Airteagal 19

Dliteanas agus árachas

1. Beidh CSC-EDIC faoi dhliteanas i leith a chuid fiach.

2. Beidh dliteanas airgeadais na gcomhaltaí i leith fhiacha CSC-EDIC teoranta do na ranníocaíochtaí a rinne siad cheana le CSC-EDIC, mar a shonraítear in Iarscríbhinn III.

3. Ní bheidh an tAontas faoi dhliteanas i leith fhiacha CSC-EDIC.

4. Ag comhfhreagairt d'Airteagal 17(1), pointe (i), de Chinneadh (AE) 2022/2481:

Airteagal 20

Díolúintí ó cháin agus ó dhleacht mháil

1. Díolúintí CBL bunaithe ar Airteagal 143(1)(g) agus Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh CSC-EDIC agus comhaltaí de CSC-EDIC agus atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag CSC-EDIC ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha CSC-EDIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin. Comhlíonfaidh CSC-EDIC *mutatis mutandis* na coinníollacha chun cáiliú d'aitheantas mar chomhlacht idirnáisiúnta le haghaidh chur i bhfeidhm Airteagal 143(1)(g) agus Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE a leagtar síos in Airteagal 50 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011.

2. Beidh díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná EUR 300.

3. Díolúintí ó dhleacht mháil bunaithe ar Airteagal 11 de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh CSC-EDIC agus atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag CSC-EDIC ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha CSC-EDIC i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus lena n-aghaidh sin amháin, agus gur mó luach an cheannacháin ná EUR 300.